Teaċ le Leagan ag Uaċtar Ard

Tá Comairle Condae na Gaillime ag tabairt cinnlíne don tír uilig, fá taitneamaċtaí saoire agus áilneaċtaí tíre a ċaomnú.

Ag cruinniú speisialta, ṫug an Comairle d'aon ġuṫ, ordú don Bainisteoir Condae, ordú éigeandála ceannaiṫe do eisiúint ar píosa talaim ag céiḃ Uaċtar Árd.

B í an ċeist os comair na Comairle ċeana nuair a bí gearán ón Sráidbaile agus an ceantar timpeall, agus toscaireaċt uaṫa ċuig an Ċomairle faoi tógáil tí ag an plasán seo ar cladaċ an loċa. Ċinn an comairle ar cruinniú de comairleoirí an ċeantair. maidir le oifigeoirí an Ċomairle Condae, agus an eagras áitiúil a beiṫ in Uaċtar Ard. Ċinn na Comairleoirí ag an ċruinniú sin, iarratas speisialta a déanaṁ ar cruinniú speisialta den Ċomairle, agus ba dá bárr sin a bí an cruinniú ann Dé Luain.

Dúirt Pádraic Seoige go raiḃ Comairle Dlí acu agus gur hinnseaḋ dóiḃ go dtiocfaiḋ an ordú eigeandála ceannaiṫe do eisiúint an lá sin. Mol sé go ndeinimíd an ordú eigeandála ceannaiṫe ⁊ go nglacaimíd seilb ar an suiomh seo le forbairt ar son leas pobal Uaċtar Ard, agus na tíre go gineáralta.

Sín an tUasal Seoige isteaċ aċaine siniṫe ag 350 de pobal Uaċtar Ard, ag iarraiḋ ar an Ċomairle é seo a ḋéanaṁ.

Dúirt sé nár leor an ceadúnas tógála a bí tugṫa do ṫarraingt siar. Millfeaḋ sin an scéal. "Teastaíonn uainn an fiosrú áitiúil a ċaiṫeas an ordú éigeandála a ṫabairt."

Ċabraiġ an Seanadóir Seán Ó Máinín, agus Seán Mac Eoċagáin, T.D., Séamas Ó Caḋain ⁊ Seosaṁ Mac an Iomaire leis an molaḋ.

Comairliġ Aturnae an Ċomairle, E. D. Ó Neaċtain, go gcaiṫfí an t-ordú ceadúnas tógála a tugaḋ a ṫarraingt siar ar tús, agus go gcaiṫfeaḋ an Comairle scéim éigin a beiṫ pleanáilte don áit.

Ní leor, ar seisean, a rá. Tá sé ag teastáil uainn. Caiṫfiḋ tú scéim éigin a beiṫ ann fá ċoinne a forbairt.

Ṡocraiġ an Comairle d'aon ġuṫ, go n-iarrfaí an ordú éigeandála ceannaiṫe.

Forbairt faoi Ṫalaṁ sa Gaeltaċt

Caṫair Mór faoi Talaṁ ag Baile Ċruaiḋe

Cé naċ bfuil a ḋaṫ ar biṫ ar ṫalaṁ an domain á ḋéanaṁ do Ġaeltaċt Ṁuigeo Ṫuaiḋ, le fada an lá, is cosúil go mb'féidir go ndéanfaí rud éigin faoi talaṁ.

Sé sin má ġlactar le plean atá ag an Uasal Hans Paul, atá taréis 6,000 acraí do talaṁ sléibe agus portaí timpeall Baile Cruaiḋe agus Beannċor Iorras a ċeannaċ. Tá sé ag gríosaḋ ⁊ ag spreagaḋ rialtais agus údarásí an Domain Saor, ċun caṫair mór a tógaint faoin talaṁ. Caṫair 4,000 acraí i méid, a beaḋ in ann maireaċtáil fríd cogaḋ adamaċ.

Nuair a briseaḋ an cogaḋ amaċ, sé'n plean a beaḋ aige, go bpiocfaí daoine speisialta ó'n tíorṫa Iarṫaraċ, a raiḃ scileanna ar leiṫ acu, agus go raċaiḋ siad isteaċ insan ċaṫair faoi ṫalaṁ nuair a beaḋ cosúlaċt cogaiḋ air. Beaḋ fó-ṁuiriṫe aonfear acu ċun dul amaċ agus isteaċ faoin ḟarraige. Nuair a beaḋ an cogaḋ ṫart, beaḋ seans ag an cine daonna tosaiġ go h-úr nua.

Measann an tUasal Paul, gur insan ċeantar seo, an ceantar a ba ḟeiliúnaí leis an ċaṫair faoi ṫalaṁ a tógáil.

Ċuir an Teaċta Miċeál de Brúin, T.D., ceist ar an Taoiseaċ, an raiḃ eolas ar biṫ ag an Rialtas faoi pleananna an Uasal Paul. Ċeana féin, dúirt Oifig Eolais an Rialtais naċ raiḃ eolas ar biṫ ag an Rialtas faoi.

Máġ Cuilinn

Ag an Ċúirt Dúiċe i nGaillim caiṫeaḋ amaċ cúis de tiomáint daingéaraċ i gcoinniḃ Seán S. Ó Ceallaiġ, 16 Ardán Naoṁ Antoine, Bóṫar Mór, Gaillim. Dúirt an Breiṫeaṁ, an Giúistís T. G. de Búrca, leis—cibé a ṫárla, níorḃ é do ṫiomáint-sa ba ċúis leis. Dúirt Miċeál Ó Doiblinn, ó Uaċtar Ard, go raiḃ sé ag tiomáint ó Ġaillim, go Má' Cuilinn, ag 6.10 ar an 2ú lá do mí na Nollag, nuair a casaḋ cárr leis timpeall 50 slat ar siúl; ṫáinig an cárr treasna an bóṫair agus buail isteaċ ann. Dúirt Seán S. Ó Ceallaiġ gur ċuir sé na coscáin air, beagáinín, agus gur tarraingíoḋ an cárr treasna an bóṫair, agus isteaċ in cárr Ó Doiblinn. Fuarṫas amaċ 'na ḋiaiḋ go raiḃ an lingeán ag ceangal na gcoscáin briste agus bí sé ag stopaḋ níos tapúla ar ṫaoḃ amáin ná an taoḃ eile.

Oíċe Ċostasaċ

Ba ċostasaċ an tráṫnóna óil a bí ag Liam Ó Bolguiḋir, Caiseal, Conamara, nó d'íoc sé £30 cúiteaṁ, agus cáineaḋ é £5 ina ḋiaiḋ, ar ċúis go raiḃ sé ar meisce agus aċrannaċ. Dúirt sé féin gur droċ ċomluadar a ba ċúis leis. "Bí mé i gcomluadar maiṫ insan bár ar seisean, ansin casaḋ triúr orm a raiḃ argóint agam leo. Buail duine acu mé." Dúirt sé gur lean sé an triúr ⁊ gur ċuaiġ siad isteaċ i gcarabán. Ċuaiġ seisean isteaċ freisin. ⁊ bí sé ċom feargaċ gur bris sé cúpla fuinneóg. Dúirt uainéar an ċarabán, Pádraic Dodd, Gaillim, gur deineaḋ damáiste ar ḃfiú £30 don ċarabán. D'íoc Ó Bolguiḋir £30. Ċáin an Giúistís T. G. de Búrca Ó Bolguiḋir, ag an Ċúirt Dúiċe i nGaillim £5 as an damáiste agus ċuir sé ar fioraí breiṫ mí príosúntaċt as a beiṫ ar meisce agus aċrannaċ.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
13-2-65	3.33	16.09	2.50	15.26	1.30	14.04
14	4.31	17.04	3.48	16.21	2.34	15.01
15	5.21	17.52	4.38	17.09	3.30	15.53
16	6.06	18.35	5.23	17.52	4.19	16.40
17	6.48	19.17	6.05	18.34	5.05	17.24
18	7.29	19.57	6.46	19.14	5.49	18.06
19	8.09	20.36	7.26	19.53	6.31	18.47

Gleannbarr

Bás Sagairt. Bí brón ar fud paróiste Cill Uí Ġarbáin nuair a ċualaṫas go raiḃ an tAṫair S. Mac Meanman, S.C., Gleann Finne, marḃ. Ċaiṫ an tAṫair Mac eanman oċt mbliana i mBaile na nGallóglaċ sa paróiste seo in áit a raiḃ sé láċ cairdiúil le sean agus óg. Go ndéanaiḋ Dia grásta ar a anam. Gnímíd comḃrón le na ṁuintir.

Saor Arais. An Rio Sámo (800 tonna). an long trádála Spáinneaċ a bí faoi ċoisc ġluaiseaċta ag céiḋ Béal Feirste tá sí saor arais. Bí an long seo ag teaċt go Raṫ Maolain le lasta préataí a ċuir ar bórd aċ riṫ sí in éadán carraige taoḃ toir de Gleannbarr agus b'éigean dí dul soir go Béal Feirste le na cóiriú. Bí'n ḟoireann ag maoiḋeaṁ na bfuair siad páiġe ar biṫ ó d'ḟág siad Raṫ Ṁaoláin. Sin fáṫ na coisce. Tugaḋ cead a cinn dí nuair a ċuir an ċomlaċt ar leo í £1,600 i dtaisce san Árd Cúirte i mBéal Feirste.

Díogaċa. Tá cuid maiṫ de ḟeirmeoirí na paróiste seo ag déanaṁ díogaċa ar na laeta seo. Tá scaiṫ aimsire ann anois fá ċoinne na hoibre agus tá deontas an maiṫ le ṫalaṁ a óraenáil. Feirmeoir atá abálta na díogaċa a ḋéanaṁ é féin gan ċuidiú a ḟostú ċan amáin go bfuil a ċuid talaiṁ draenáilte aige saor gan ċostas aċ le na ċois sin tá sé i n-ime páiġe lae réasúnta maiṫ a ḋéanaṁ fosta. Díogaċa cloċ is mó atá in úsáid fá'n áit seo cá go bfuil cuid de na feirmeoirí ag déanaṁ úsáid den píopa tosċta ins na díogaċa anois.

...**Scéal Brónaċ.** Bí aiṫreaċas ar aċan duine i nGleannbarr nuair a ṫáinig an scéala go raiḃ Seosaṁ Ó hOireaċtaiġ, Bun na Tuinne, marḃ i Meiriceá. Bí Seosaṁ carṫannaċ, cairdiúil ⁊ bí aiṫne ag aċan duine, ċan amáin i nGleannbarr air aċ ag muintir Fanada fosta, an áit a ċaiṫ sé trí bliana mar Gárda Ċósta in aimsir an ċogaiḋ. Ní raiḃ sé aċ 50 bliana de aois. Go ndéanaiḋ Dia trocaire air. Nímíd comḃrón le na ṁuintir.

Rosmuc

Bí an t-áḋ ar Pól Breaṫnaċ, Turlaċ Beag, Rosmuc, macléinn Ollscoile 18 bliain d'aois, nuair a bí sé féin agus macléinn eile, Miċeál Ó Loinn, ag tiomáint oíċe Aoine, ag Bóṫar Grattan. Scior an cárr suas ar an Promenade ⁊ ṫit sé anuas ar na carraigeaċa ar an ċladaċ. Tugaḋ an beirt acu go dtí Ospidéal Réagúnaċ na Gaillime, aċ ní raiḃ orṫa aċ mion-ġortaiṫe. Bí siad ag dul amaċ go Bóṫar na Trá nuair a ṫárla an timpist, ag Crosaire Bóṫar Ġrattan agus Bóṫar an Aṫair de Búrca. Milleaḋ an cárr, cé gur ṫit sé anuas ar na ceiṫre roṫaí. Seo an ceaṫrú timpist den ċineál seo insan ċeantar ċéanna le ceiṫre nó cúig bliana anuas.

An Roinn Talṁaíoċta.

Fógra do Luċt Saoṫruiṫe Fataí in Iarṫar Ṁuigeo.

Cuirtear i gcuimne do luċt saoṫraiṫe préataí sa ċuid sin d'Iarṫar Ṁuigeo a tuairiscítear san Ordú i dtaoḃ Gearḃ Ḋuḃ ar Ṗrátaí (Ljomatáiste Speisialta) 1945. gur cion faoin Ordú cineál ar biṫ fataí atá tugṫa don Ġearḃ Ḋuḃ a ċur, agus go ndlífear fineál £10 a ċur ar ḋaoine a brisfeas an rialaċán seo.

Tá liosta de na cineálaċa atá ceadaiṫe a ċur, ar an bpóstaer atá ar croċaḋ sa Ṗost-Oifig áitiúil agus i Stáisiún na nGárdaí nó féadfar liosta ḟáil díreaċ ón Roinn Talṁaíoċta (Rannóg 21), Baile Áṫa Cliaṫ 2.

5 Feabra, 1965.

Cosnóiḋ Ard Teampall Trí Ceaṫrú Milliún

Sa bliain seo caiṫe, d'íocamar £140,000 le conraṫóirí agus £4,000 mar táillí gairme. Sé sin gur h-íocaḋ anois £632,000 ar fad — £574,000 do na conraṫóirí agus £50,000 i dtáillí ⁊ tuarasdáil, agus £9,000 do gléasraí fógraíoċt agus costaisí eile.

Sin é adúirt Tiarna Easpag na Gaillime, an Dr. de Brúin, ag tabairt cuntas ar obair na bliana ar ṫógáil an Árd-Teampaill.

Ba é an bun conraḋ ná £600,000 aċ ċaiṫfí cur leis sin in árdú in tuarastáil agus ábair agus táillí gairme, ċom maiṫ le costas gléasraí agus maisiúċán agus eile, ar altóir, suíoċáin, fuinneóga, doirse agus eile. Meastar go mbeiḋ an costas iomlán timpeall £750,000.

Mol an Méire, P. Ó Flaṫarta, rún buíoċais don Easpag, i nGaeilge. Dúirt sé go raiḃ £1,000 báiliṫe fá ċoinne cuimneaċán don Uaċtarán Ó Cinnéide insan Árd Teampall.

Ċabraiġ Uaċtarán an Ċoiste Tráċtála, C. Ó Súilleabáin leis an rún buíoċas.

Ag labairt i nGaeilge, ṁol an Canónaċ Mac Donnċaḋa, Uaċtarán Coláiste Naoṁ Ṁuire, an Méire, agus Uaċtarán an Ċoiste Tráċtála, agus dúirt sé gur sin an sagas fir a bí ag teastáil uaṫa, agus friṫe sin ba ṁaiṫ leis buíoċas a ṫabairt don méid a bí déanta ag pobal na Gaillime.

Dúirt an tAṫair Gearóid Ó Cuinn, S.P., Naoṁ Pádraic, naċ gcuirfeaḋ stoirmeaċa ná gaoṫ mór isteaċ ar an ḟoirgneaṁ a bí tógṫa acu ar Ċarraig na Gaillime, a bí mar comarṫa ar an ċreideaṁ a bí istiġ i gcroíṫe muintir na caṫraċ.

Barraíoċt Oibre

Agus Gannṫanas Oibriṫe

Gannṫanas oibre an gearán is mó atá againn san Ġaeltaċt. Aċ goidé do ḃarúil do ṫír a mbeaḋ a ṁalairt de rud ann, agus sin mar atá.

Insan Ġearmáin Ṫiar, tír a bí buailte scriosta indiaiḋ an Ċogaiḋ. aċ a ṫáinig ċun tosaí go bfuil sí ar an tír is mó dul ċun cinn sa doṁan inniu tá ₋₁1,000 postanna folaṁ, agus níl aċ 202,100 daoine gan obair. Tá na h-oibriṫe anois níos gainne ná bí siad fiú amáin tá bliain ó ṡin, nuair a bí 440,000 postanna folaṁ agus 252,000 daoine as obair.

Ṫug Rialtas na Gearmáine isteaċ na scaifṫí oibriṫe as an Spáinn agus as an Iodáil agus sin is eile. aċ in aineoin an méid téicniġ a ṫáinig óna ceantair toir, nuair a ġlac an Rúis agus an Ṗólainn seilb orṫa, níl go leor oibriṫe ċor ar biṫ do ċuid monarcan na Gearmáine.

Ard Teampall na Gaillime

Osclófar Árd-Teampall na Gaillime ar Lá Ḟéil' Ṁuire seo ċugainn. an 15ú lá do Lúnasa. Sin é an rud a d'inis Tiarna Easpag na Gaillime do ċruinniú mór i scoileanna Naoṁ Pádraic, an tseaċtain seo caiṫe, agus é ag tabairt an seaċtú cuntas dul ċun cinn ar cúrsaí an Árd-Teampaill.

Dúirt sé go mbeaḋ a ṁórdaċt, Cairdinéil Cushing, mar Leagáid an Ṗápa, ag an oscailt, agus go raiḃ an Cáirdinéil Cushing taréis 100,000 dollaer eile a ṫabairt mar síntiús. sin ós cionn £60,000 ar fad.

Ṫug an Tiarna Easpag cuntas ar maisiúċáin agus gleasrai taoḃ istiġ, agus dúirt sé má bí teaġlaiġ ar biṫ ar maiṫ leo cuimne ar a gcuid tuismiṫeoireoirí nó cáirde i rioċt cuimneaċán mar fuinneog nó suíoċán, nó aon rud eile, gur ċeart díoḃa sin a ċur in iúl dó-san gan ṁoill.

Ṡocraiġ Comairle na Gaillime, ar ṁolaḋ Pádraic Ó Ceallaiġ, go léigfí díleagra fáilte don Cáirdinéil Cushing, nuair a ṫiocfaḋ sé ag oscailt an Árd-Teampall.

Oíċe Léanṁar

Olc agus mar bí an stoirm fríd Ḋún na nGall, is dóiġ naċ raiḃ teaġlaċ ar biṫ a raiḃ am ċom crua acu agus a bí ag Séamas Ó Maoldoṁnaiġ agus a bean, as Gleann Geis, Ard a' Ráṫa. San oíċe, nuair a bí an stoirm ag an am ba ṁeasa. tógaḋ an rúf glan den teaċ agus siobaḋ ar ṡiúl ar fad é, agus leagaḋ cuid den balla isteaċ ar an urlár.

Ċaiṫ Séamas agus a bean, ⁊ a gceaṫrar páistí. agus máṫair Ṡéamais féin, an oíċe ag glacaḋ fáscaiḋ suas in éadan ceann de na ballaí a fágaḋ na ṡeasaṁ. ⁊ an ḟearṫain ag dóirteaḋ anuas, agus é ag siobaḋ sneaċta. B'éigin díoḃa fanaċt ansin go maidin, agus annsin nuair a d'éiriġ daoine. agus ċonacṫas iad, ṫáinig gaolta agus comarsanaí, agus ṫug siad anuas an cnoc iad, agus fuarṫas áit sealadaċ díoḃa ag Eadar Ḃabail.

Síobaḋ an rúf de scioból ag Gleann Geis, fosta.

Dé hAoine, briseaḋ an sruṫ leictreaċas agus bí Ard a' Ráṫa gan solus ná cuṁaċta oíċe Aoine. Bí tuillteaċa in cuid maiṫ ceantair.

An Roinn Talṁaíoċta

Fógra do Luċt Saoṫraiṫe Prátaí in Iarṫar Ḋún na nGall.

Cuirtear i gcuimne do luċt saoṫraiṫe prtaí sa ċuid sin d'Iarṫar Ċo. Ḋún na nGall a tuairiscítear san Ordú um Ġearḃ Ḋuḃ ar Ṗrátaí (Líomatáiste Speisialta), 1933, ar na leasú leis an Ordú i dtaoḃ an Orduiṫe um Ġearḃ Ḋuḃ ar Ṗrátaí (Líomatáiste Speisialta) 1933 (Leasú), 1948, gur cion faoin Ordú cineál ar biṫ prátaí atá tugṫa don Ġearḃ Ḋuḃ a ċur, agus go ndlífear fíneáil £10 a ċur ar ḋaoine a brisfeas an rialaċán seo.

Tá liosta de na cineálaċa atá ceadaiṫe a ċur, ar an bpóstaer atá ar croċaḋ sa Ṗost - Oifig Áitiúil agus i Stáisiún na nGardaí, nó féadfar liosta d'ḟáil díreaċ ón Roinn Talṁaíoċta (Rannóg 21), Baile Áṫa Ċliaṫ 2.

5 Feabra, 1965.

Muintir na Gaeltaċta a d'ḟoillsiġ. "Democrat," Tír Ċonaill, ċlóḃualaḋ.